AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

# PLEAN FEIDHMITHE EARNÁLA MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ
# LÚNASA 2020

**FOILSITHE:** 19 LUNASA 2020

## Réamhrá le Cathaoirleach an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Tá áthas orm an Plean Feidhmithe seo a fhoilsiú don Choimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC), i gcomhréir le halt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Leagtar amach sa Phlean seo conas a chinnteoidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach go gcomhlíonfaidh sé an tAcht agus an cleachtas is fearr mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí agus leis an Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.

Soláthraíonn an TAC réimse measartha teoranta de sheirbhísí ábhartha a bhaineann den chuid is mó le hoideachas agus le forbairt tionscnamh. Mar sin féin, is rí-thábhachtach go léirítear prionsabail agus forálacha na reachtaíochta um Thús Áite do Leanaí agus An Treoir Náisiúnta, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach éifeachtach.

Mar Chathaoirleach, tá mé tiomanta lena chinntiú go gcuireann oifigigh sa TAC cosaint leanaí den chaighdeán is airde i bhfeidhm, agus soláthróidh an Plean Earnála seo an creat chun seo a bhaint amach.

Marie-Claire Maney
Cathaoirleach

## 1. INTREOIR

1.1. Baineann an Plean Feidhmithe Earnála seo leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) agus ullmhaíodh agus foilsíodh é i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Leanaí 2015.

1.2. Ceanglaítear le halt 27 den Acht um Chosaint Leanaí 2015 ar gach comhlacht ábhartha Plean Feidhmithe Earnála a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le seirbhísí do leanaí a sheachadann nó a mhaoiníonn an eagraíocht. Sainmhínítear seirbhísí ábhartha sa chomhthéacs seo i Sceideal 1 den Acht. Caithfidh an méid seo a leanas a bheith sa Phlean Feidhmithe Earnála:

a) Cur síos ar na seirbhísí ábhartha a sholáthraítear ar son an TAC;
b) Achoimre ar chlár na mbeart a glacadh, nó atá le glacadh, lena chinntiú go gcomhlíonann an TAC an reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí agus an treoir a eisítear faoi Alt 6 den Acht;
c) Achoimre ar na bearta a glacadh nó a bheartaítear a ghlacadh chun comhlíonadh faoin reachtaíocht agus an treoir a chur chun cinn, a athbhreithniú agus a thuairisciú; agus
d) Nósanna imeachta monatóireachta agus athbhreithnithe maidir leis an bPlean Feidhmithe Earnála.

1.3. Ní mór an Plean Feidhmithe Earnála a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de réir Alt 27(4) den Acht.

## 2. SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA A SHOLÁTHRAÍTEAR

### EARNÁIL AN CHOIMISIÚIN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH

2.1. Is é misean an TAC é, próiseas achomhairc atá nuálach, neamhspleách agus éifeachtach maidir le gach achomharc cánach a éisteacht agus a bhreithniú. Tá an Roinn ag obair i dtreo thréimhse 2020 go 2023 chun na Spriocanna Straitéiseacha seo a leanas a bhaint amach:

- Achomhairc chánach a phróiseáil trí phróiseas achomharc cánach atá eiseamláireach agus a bhfuil meas mór air agus atá neamhspleách agus gasta; corpas cinntí a sholáthar atá iontaofa ó thaobh dlí a chuidíonn le soiléiriú réimsí ábhartha den dlí agus den reachtaíocht cánachais; agus
- Príomhbhearta a chur i bhfeidhm i réimse na hacmhainne eagrúcháin; agus
- A bheith inár gcomhlacht poiblí a bhfuil ardmheas air, atá trédhearcach agus freagrach agus a sholáthraíonn sonraí agus faisnéis ar ardchaighdeán maidir lenár gcóras cánachais agus le haon saincheisteanna córasacha a thagann chun cinn.

### SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA A SHOLÁTHRAÍONN AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH

2.2. Ní sholáthraíonn an Coimisiún Achomhairc Chánach (TAC) seirbhísí go díreach do leanaí ach féadfaidh sé baill foirne atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú. Ar a bharr sin, tacaíonn an Coimisiún le forbairt acmhainneacht leanaí agus daoine óga agus féadfaidh sé socrúchán do scoláirí na hIdirbhliana a éascú ar feadh tréimhsí gearra taithí oibre gan phá laistigh den TAC. De ghnáth bíonn na mic léinn Idirbhliana seo faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá an TAC tiomanta do gach duine faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ag obair nó ag traenáil sa Choimisiún a chosaint, de réir na reachtaíochta agus an chleachtais is fearr maidir le Tús Áite do Leanaí.

2.3. Is é príomhról an TAC achomhairc i gcoinne cinntí agus cinntí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus dleachtanna a bhreithniú, a éisteacht agus a chinneadh. Agus an fheidhm seo á cur i gcrích aige, soláthraíonn an TAC seirbhís phoiblí nuair is féidir go teicniúil go bhféadfadh leanbh a bheith i láthair le custaiméir a fhreastalaíonn ar an oifig. Ní mór do leanaí a fhreastalaíonn ar an gCoimisiún le custaiméir a bheith in éineacht leis an gcustaiméir i gcónaí le linn na cuairte. Dá bharr sin, ní chlúdaíonn an plean seo imeachtaí den sórt sin.

### SEIRBHÍSÍ ARNA MAOINIÚ AG AN GCOIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH

2.4 Cuirfear soláthraithe na seirbhísí ábhartha arna maoiniú ag an Roinn ar an eolas de réir mar is gá faoi fhorálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an Treoir Náisiúnta, agus iarrfar orthu dearbhú a thabhairt go gcomhlíonann siad na ceanglais riachtanacha.

## 3. BEARTA A GLACADH LE COMHLÍONADH LE FORÁLACHA AN ACHTA A

### AN GRÚPA IDIR-RANNACH UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ (CFIDG)

3.1 Bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Grúpa Idir-rannach reachtúil um Thús Áite do Leanaí (CFIDG) chun maoirseacht an rialtais láir a thabhairt ar an bpróiseas feidhmithe. Déanann Príomhoifigeach ionadaíocht don Roinn Airgeadais ar an nGrúpa CFIDG. Tá an duine seo freagrach as comhlíonadh foriomlán na Roinne leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus leis an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí a chinntiú.

3.2 Is comhlacht é an Coimisiún um Achomhairc Chánach faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus tugtar fógra dó go rialta faoi cheanglais chomhlíonta agus cuirtear ar an eolas é faoina oibleagáidí faoin Acht lena chinntiú go bhfuil sé ag tabhairt aghaidh ar na freagrachtaí seo.

### AN PLEAN FEIDHMITHE EARNÁLA

3.3 Leagann an Plean Feidhmithe Earnála seo amach na prionsabail ardleibhéil treorach earnála atá le cur i bhfeidhm ar fud an Choimisiúin um Achomhairc Chánach i gcur i bhfeidhm leanúnach an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus

na prionsabail Treorach. Foilseofar an Plean ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Déanfar é a athbhreithniú gach trí bliana nó níos rialta de réir mar is gá.

## RÁITEAS UM CHOSAINT LEANAÍ

3.4 Leagann Ráiteas Cosanta um Thús Áite do Leanaí an Choimisiúin amach na seirbhísí a sholáthraíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le comhlíonadh lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil leanbh a bhaineann leas as na seirbhísí seo sábháilte ó dhíobháil. Cuimsíonn sé seo nósanna imeachta atá le leanúint chun aon rioscaí do scoláirí Idirbhliana atá ag obair sa Choimisiún a aithint agus a mhaolú. Taispeánfar an Ráiteas um Chosaint Leanaí in áit fheiceálach, scaipfear é ar gach ball foirne agus foilseofar é ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Déanfar athbhreithniú foirmeálta air gach dhá bhliain nó níos rialta de réir mar is gá.

## PRÓTACAL TUAIRISCITHE

3.5 Forbraíodh Prótacal Tuairiscithe um Thús Áite do Leanaí, a sholáthraíonn treoir shoiléir faoin dóigh ar chóir tuairisciú a dhéanamh, faoi cé a dhéanfaidh é agus faoi na cúinsí. Forbraíodh foirm thuairiscithe chaighdeánach don duine a thuairiscíonn cúis imní lena chomhlánú agus lena chur faoi bhráid an duine idirchaidrimh ainmnithe. Coinneofar taifead ar aon chúis imní den sórt sin ar bhealach rúnda. Déanfar cúis imní a thuairisciú ar an mbealach iomchuí chuig Tusla de réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015.

## DAOINE ÁBHARTHA

3.6 Tá duine idirchaidrimh ainmnithe (DLP), agus leas-duine idirchaidrimh ainmnithe ceaptha ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach mar an duine ábhartha agus an leas-duine ábhartha chun riachtanais Ráiteas um Chosaint Leanaí an Choimisiúin a chomhlíonadh. Is iadsan na daoine acmhainne maidir le haon chúis imní faoi chosaint leanaí laistigh den Choimisiún. Ar a bharr sin, tá siad freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den eagraíocht, ionas go ndéantar cúis imní maidir le leas agus cosaint leanaí a tharchur go pras chuig Tusla. Feidhmeoidh siad mar phointe teagmhála chun imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú agus rachaidh siad i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha, de réir mar is gá.

## OILIÚINT AGUS OILIÚINT FEASACHTA

3.7 Gheobhaidh an DLP agus an Leas-DLP, chomh maith le baill foirne ábhartha eile, oiliúint maidir le cur i bhfeidhm an Achta im Thús Aite do Leanaí 2015, agus an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí. Áireofar leis seo ceanglas an Chláir R-Fhoghlama maidir le Tús Áite do Leanaí a chomhlánú.

3.8 Beidh Plean Feidhmithe Earnála agus Ráiteas um Chosaint Leanaí an Choimisiúin

lárnach chun feasacht a ardú i measc na foirne maidir le: (i) cé hiad na daoine idirchaidrimh ainmnithe, (ii) na nósanna imeachta ba chóir dóibh a leanúint i gcás go bhfuil imní orthu faoi fholláine leanaí a mbíonn siad ag idirghníomhú leo i soláthar seirbhísí an Choimisiúin, agus (iii) na hoibleagáidí atá orthu na hábhair imní seo a thuairisciú.

3.9 Leanfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach le tionscnaimh ionduchtaithe agus oiliúna ábhartha atá oiriúnach agus comhréireach le cineál agus leibhéal idirghníomhaíocht an Choimisiúin le leanaí a aithint agus a fhorbairt.

## EARCAÍOCHT/GNÁSANNA GRINNFHIOSRÚCHÁIN

3.10 Déantar grinnfhiosrúchán ar gach iarratasóir rathúil ar an Státseirbhís ag próiseas a oibríonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá oifigigh atá ann cheana faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

## SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA

3.11 Nuair a dhéanann an Coimisiún Achomhairc Chánach seirbhísí seachtracha a chonradh le soláthraithe seirbhíse a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil gan mhaoirsiú le leanaí agus an tseirbhís sin á soláthar don Choimisiún, cuirfear in iúl do na soláthraithe seirbhíse go bhfuil siad faoi réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí.

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR CHOMHLÍONADH

3.12 Déanfar tuarascáil chomhlíonta bhliantúil a ullmhú le cur faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí. Leagfar amach sa tuarascáil aon ghníomhaíocht ábhartha don bhliain roimhe sin, lena n-áirítear mionsonraí faoi dhaoine idirchaidrimh ainmnithe an Choimisiúin, an oiliúint a cuireadh ar fáil, líon na dtuarascálacha, más ann dóibh, a cuireadh faoi bhráid Tusla agus measúnú ar aon saincheisteanna imní.

## ATHBHREITHNIÚ

3.13 Mar a luadh cheana, déanfar an Plean Forfheidhmithe Earnála seo a athbhreithniú gach trí bliana nó níos rialta de réir mar is gá. Déanfar Ráiteas um Chosaint Leanaí an Choimisiúin a athbhreithniú gach dhá bhliain, nó níos rialta de réir mar is gá.